Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12600/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0257(NLE)**

**CULT 100**
**AUDIO 89**
**POLCOM 117**
**RELEX 1217**
**COMER 104**
**JUR 598**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2169 maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/2169
maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach
agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, Airteagal 100(2), Airteagal 167(3) agus Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 1 Deireadh Fómhair 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2015/2169[1] maidir le cur i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile.

(2) Leis an bPrótacal maidir le Comhar Cultúrtha ('an Prótacal')[2], atá i gceangal leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile[3] ('an Comhaontú'), bunaítear an creat ina bhfuil na Páirtithe le comhoibriú ar mhaithe le malartuithe a éascú maidir le gníomhaíochtaí cultúrtha, earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear malartuithe san earnáil chlosamhairc.

(3) Áirítear sa Phrótacal forálacha maidir le teidlíocht i ndáil le comhléiriúcháin closamhairc chun tairbhe a bhaint as scéimeanna na bPáirtithe faoi seach sa Chomhaontú.

(4) De bhun Airteagal 5(8), pointe (b), den Phrótacal, tar éis thréimhse thosaigh 3 bliana, déanfar an teidlíocht a athnuachan go ceann tréimhsí leantacha eile den fhad céanna, mura gcuireann Páirtí deireadh leis an teidlíocht trí fhógra i scríbhinn a thabhairt ar a laghad 3 mhí sula rachaidh an tréimhse thosaigh nó aon tréimhse dá héis sin in éag.

---

1 Cinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 307, 25.11.2015, lch. 2).
2 IO L 127, 14.5.2011, lch. 1418.
3 IO L 127, 14.5.2011, lch. 6.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169, tá an Coimisiún le fógra a thabhairt do Phoblacht na Cóiré má bhíonn rún ag an Aontas gan síneadh a chur le tréimhse na teidlíochta chun comhléiriúcháin, ach amháin má aontaíonn an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, 4 mhí roimh dheireadh thréimhse na teidlíochta sin, leanúint ar aghaidh leis an teidlíocht.

(6) Ina breithiúnas an 1 Márta 2022 i gcás C-275/20, *an Coimisiún* v *an Chomhairle*[1], chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach raibh an nós imeachta a bhunaítear in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169 i gcomhréir le hAirteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) sa mhéid go gcuireann sé de cheangal ar an gComhairle vótáil d'aon toil. Ba cheart gurbh í an riail vótála a leagtar síos in Airteagal 218(8) CFAE, an chéad fhomhír, eadhon vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle, an riail vótála is infheidhme maidir le cinntí a ghlacadh amhail na cinntí siúd a bheartaítear le hAirteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart an ceanglas atá ar an gComhairle gníomhú d'aon toil chun cinneadh a dhéanamh maidir le leanúint leis an teidlíocht a scriosadh.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 266 CFAE, chun an breithiúnas a chur chun feidhme go gasta, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm ar dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Márta 2022, *an Coimisiún v an Chomhairle*, C-275/20, ECLI:EU:C:2022:142.

*Airteagal 1*

In Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2169, scriostar an tríú habairt.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*